Cúrsaí na Gaeltaċta sa Seanaid

(Ar lean. ó leaṫ. 3)

Baill an Ḃoird

Maidir le ballraíoċt an Ḃoird, is é an t-aon rud amháin a ṫig liom a rá go ndéanfaimid ár ndíċeall na daoine is fearr agus is fóirstiní a ḟáil leis an obair atá romhainn a ḋéanamh.

Labair an Seanadóir Ó Conalláin faoin mBille. Ón aiṫne atá agam air, tá a ḟios agam go ḃfuil an-taiṫí aige ar na fadhbanna atá romhainn sa Ġaeltaċt ⁊ go ḃfaiġiḋ mé uaiḋ aon ċuidiú atá de ḋíṫ orm san obair atá á ḋéanamh agam.

Dúirt an Seanadóir Mrs. Ahern gur maiṫ an rud é déantúis beaga a ċur ar fáil — go gcuideóiḋ sí sin leis an Ġaeilge a ċoimeád beo. Tagaim leis sin. Dúirt sí dá gcuirtí déantús mór ar bun go mbeaḋ baol ann go gcuirfeaḋ sé deireaḋ leis an Ġaeilge. Ní féidir liom aontú léi sa méid sin. Ḃí tráṫ ann nuair a ḃí cineál eagla orm féin dá gcuirfí déantús measarṫa mór ar bun sa Ġaeltaċt go mbeaḋ an baol ann go ndéanfaḋ sé doċar don Ġaeilge aċ táimid ag iarraiḋ teaċt timpeall air sin faoin mBille seo mar tá dualgas ar leiṫ ar Ġaeltarra Éireann ó ṫaoḃ na Gaeilge. Táimid ag iarraiḋ fosta teicniceoirí le Gaeilge a ḃeiṫ againn agus tá scéimeanna ag Gaeltarra ċuige sin. Tuigim na deacraċtaí atá ann aċ ag an am céanna mura dtig linn rud measarṫa mór a ḋéanamh ḃeaḋ eagla orm go mb'ḟéidir naċ mbeaḋ go leor daoine ar fáil sa Ġaeltaċt ar deireaḋ. Ar an ábhar sin, caiṫfimid dul sa seans. Tá súil agam go n-éireóiḋ linn maidir le déantúis sa Ġaeltaċt.

Ní Gá Béarla

Ṫagair an Seanadóir Garret Mac Gearáilt don obair atá de ḋíṫ sa Ġaeltaċt agus aontaím go ginearálta leis na rudaí adúirt sé. Níl a ḟios agam an gá dom Béarla labhairt—

Seanadóir G. Mac Gearailt — Ní gá.

An tUasal Ó Faċtna — D'ḟiafraiġ an Seanadóir díom fosta cé an saġas daoine a ċuirfí ar an mBord seo agus an mbeaḋ sé de ḋíṫ Gaeilge ar fad a ḃeiṫ ar siúl i ngnóṫaí an Ḃoird. Is é an t-aon rud amháin a ṫig liom a rá faoi láṫair ná go ndéanfaiḋ mé mo ḋíċeall na daoine is fearr is féidir liom a ḟáil le cur ar an mBord sin.

Ċuir sé ceist fá dtaoḃ den saġas taiġde agus forbarṫa atá ar siúl ag Gaeltarra Éireann. Scrúdaíonn an Bord togra ar biṫ a ṫagann os a gcomhair ó ḋaoine nó ó ċomhaċt agus faigheann siad cuidiú ón Údarás Forbarṫa Tionscal mura mbíonn go leor eolais acu féin. Ċomh maiṫ leis sin, scrúdaíonn siad rudaí atá ar siúl acu féin féaċaint an féidir leo feaḃas a ċur orṫu ⁊ in amanna, má ṡíleann siad go ḃfuil fiúntas ag gabháil le tionscal éigin is féidir leo triail a ḃaint as ar scála beag ar dtús.

Seanadóir G. Mac Gearáilt — Go raiḃ maiṫ agat.

An tUas. Ó Foċtna — Labair an Ceanadóir Lenehan fá dtaoḃ den £2,000 agus dúirt go mba ċeart go mbeaḋ rud éigin níos áirde ná sin le fáil. Baineann an £2,000 le miontionscadail—rudaí go ḃfuil baint acu le ceirdeanna agus le tionscail ḃeaga. Is féidir le Gaeltarra Éireann an deontas sin a ċur ar fáil, má tá siad sásta, gan dul i bpáirtíoċt leis an déantúsóir. Má tá níos mó airgid de ḋíṫ is féidir le Foras Tionscal é a ċur ar fáil más maiṫ le déantúsóir dul ar aġaiḋ ċucu sin.

Ní Leor £2,000

Ċuir an Seanadóir Ó Coinláin fáilte roimh an mBille agus táim buíoċ de. Ar maiṫ leis go dtaḃarfainn freagra air i mBéarla?

Ollam Ó Caoinleáin

Mar Saorṗort na Sionainne

An tUas. Ó Faċtna — Dúirt an Seanadóir gur ṁaiṫ leis dá dtiocfaḋ linn dul ar aġaiḋ san dóiġ ina ḃfuil an ḟorbairt á ḋéanamh ag Aerfort na Sionna. Sin díreaċ rud atá ar intinní sa Ḃille seo. Tá cumhaċtaí mar atá ag Comhlaċt Forbarṫa Saorṗort na Sionna á dtaḃairt againn do Ġaeltarra Éireann. Beiḋ ar ċumas Ġaeltarra na rudaí céanna a ḋéanamh a ḋéanann siad siúd —nó an ċuid is mó acu. Sin é an fáṫ go ḃfuil súil againn go n-éireóiḋ linn san obair.

Teagascóirí

Dúraḋ fosta gur ceart forbairt ṫalmhaíoċta a ḋéanamh. Táimid ag déanamh ár ndíċill fá dtaoḃ de sin. Tá rudaí ag cur cosc orainn. Tá sé deacair, cuir i gcás, go leor teagascóirí talmhaíoċta a ḟáil.

Seanadóir Ó Coinláin — Ċuala mé go ḃfuil roinnt ṁaiṫ díoḃ ar fáil.

An tUas. Ó Faċtna — Ba ṁaiṫ liom dá dtaḃarfá a n-ainmneaċa dúinn mar ní h-é sin an t-eolas atá ġagainn. Labair an Seanadóir fosta fá dtaoḃ den imirce. Dúirt sé go mba ċeart obair a ċur ar fáil do na cailíní mar dá n-imeóḋ siad siúd naċ ḃfanfaḋ na fir aċ meabhraím dó go ḃfuil a ṁalairt de scéal ann fosta. Mura ḃfaiġeann na fir obair imíonn na cailíní ina ndiaiḋ. Fuair mé sin amaċ in áit amháin sa Ġaeltaċt nuair a ḃí mé ann. I monarca áiriṫe ina raiḃ fostaíoċt dá lán cailíní dúirt an bainisteoir liom naċ raiḃ sé ábalta go leor cailíní a ḟáil mar na cailíní a ċuaiġ isteaċ ann níor ḟan siad aċ 3 nó 4 bliana agus ansin d'imiġ siad. Sí an fadhb atá le réiteaċ againn san áit sin ná obair a ċur ar fáil do na fir.

Íoc as Taisteal

Maidir le díol as taisteál na gcailíní, tá sé sin á ḋéanamh i gcás cuid de na monarċana atá ag Gaeltarra Éireann. Ní gá é a ḋéanamh sna háiteaċa eile faoi láṫair, cionn is go ḃfuil na daoine uilig ina gcónaí cóngaraċ dá gcuid oibre aċ, mar adúirt mé, tá áiteaċa ann agus déanaimid córas taistil a ċur ar fáil.

Labhraḋ faoin gcuartaíoċt agus dúraḋ gur ceart an séasúr a ḃeiṫ níos faide. Aontaím leis sin. Ba ṁaiṫ linn dá dtiocfaḋ linn é sin a ḋéanamh. Tá deacraċtaí ann faoi ṗáistí a ċur go dtí an Ġaeltaċt aċ amháin nuair a ḃíonn laeṫanta saoire acu mar ní maiṫ de ġnáṫ leis na tuismiṫeoirí páistí a ċur go dtí an Ġaeltaċt le linn téarma scoile. Bíonn eagla orṫu go mbainfeaḋ sé sin den tairḃe atá ann ó ṫaoḃ na h-oibre a ḋéanann siad sa ḃaile. Tá scoláireaċtaí á dtaḃairt againn faoi láṫair d'ḟonn cabhrú le páistí trí ṁí as a ċéile a ċaiṫeamh sa Ġaeltaċt aċ níl éileamh ró-ṁór orṫu.

Comhairle Contae Failliṫeaċ

Ċom maiṫ leis sin tá cuidiú le fáil i gcúrsaí Cuartaíoċta maidir le deontais tiṫíoċta agus seollaí. Táimid ag íoc 85 faoin gcéad den ċostas i leiṫ scéimeanna poiblí uisce ṡoláṫair. Sí an trioblóid is mó atá ansin go ḃfuil sé deacair a ċur ina luí ar ċomhairleoirí ċontae go ḃfuil práinn ag baint leis an obair sin sa Ġaeltaċt.

Dúirt an Seanadóir Ó Cinnéide naċ raiḃ mórán tuiscinte ag Gaeltarra Éireann i dtaoḃ earraí áiriṫe a díol ar an Mór-Roinn tráṫ a ṫug sé cuairt orṫu sé bliana ó ṡin aċ ċun cotrom na féinne a ṫaḃairt do Ġaeltarra ní raiḃ an bord reaċtúil aċ bliain d'aois ag an am sin.

Mar ḟocal scoir, ba ṁaiṫ liom mo ḃuíoċas a ġaḃáil leis na Seanadóirí og léir agus tá súil agam go n-éireóiḋ linn an aiḋm atá romhainn a ḃaint amaċ.

Cuireaḋ agus d'aontaíoḋ an Ċeist.

Díospóireaċt fan Gaeilge

Is milteanaċ ar fad ċom dona agus atá cúrsaí clódóireaċta páipéirí stáit agus foilseaċán rialtais. Cinnte ní h-aonċomharṫa é go ḃféadfaḋ eagras rialtais ar biṫ, cúrsaí foilsiṫeoireaċt na Gaeilge a láimhseáil.

Cé go ḃfuil sintiús bliana réimh-íocṫa againn, go seasta le tuarascáil Dáil agus Seanad Éireann, a ḟáil ar lá a ḟoilsiṫe, ní ḃfuaireamar an tuairisc ar an díospóireaċt sa tSeanad don Ceadaoin, an 10ú lá de ṁí na Ṡamhna, go dtí deireaḋ na seaċtaine seo caite, an 3ú lá de ṁí na Nollag.

Ar an lá sin, pléaḋ Páipéar Bán Aṫḃeoċána na Gaeilge, insan tSeanad. Ar rún a ṁol an Seanadóir Dónall Ó Connalláin. Ġlac a lán do na Seanadóirí páirt insan díospóireaċt agus ḃí tuairimí éagsúla a noċtaíoḋ ann.

Fríd agus fríd, is féidir a rá go raiḃ tromlaċ mór na Seanadóirí a labair i ḃfaḃar an aṫḃeoċaint, agus i ḃfaḃar an aṫḃeoċaint a ḋéanamh go fuinniúil, agus ar slí dearfaċ. Aċ, ḃí corr ḋuine a noċt fiaċ agus fuaṫ don Ġaeilge go h-iomlán agus do na daoine a ḃí ag cur na Gaeilge 'un cinn, aċ go h-áiṫrid.

Tugaimíd insan eagrán seo bunús na cainte a ṫug na Seanadóirí a labair as Gaeilge, agus an tseaċtain seo ċugainn, ḃéarfaimíd gearr-insint ar na pointí a tógaḋ ag Seanadóirí an Ḃéarla.

Pointe suimiúl insan díospóireaċt, go raiḃ an Seanadóir Ó Caoinleáin roinnt ṁaiṫ fabraċ don Ġaeilge, aċ go raiḃ an Seanadóir Gearóid Mac Gearailt go dian agus go nimhneaċ i gcoinniḃ na Gaeilge.

Ḋearḃaiġ sé, más fíor dó féin, go raiḃ sé ag noċtú polasaí oifiġiúil Ḟine Gael, agus gurb é an polasaí sin, airgead Stáit a ċaiṫeamh ar fiosrúċán cé acu a ḃí an Gaeilge ag teastáil ó ḋaoine nó naċ raiḃ.

Ċuirfeaḋ sé seo i gcionn duine an poiliticeoir a ḃí ag déanamh óráide, agus ag míniú na rudaí go léir a ba ṁaiṫ leis a ḋéanamh, agus an polasaí a ḃí aige, agus nuair a ḃí sé críoċnaiṫe, ar seisean:

"Them's my principles (stad tamall) and if you don't like them (stad tamall eile) I'll change them."

Cinnte, níl Ḟine Gael imiṫe ċom h-íseal agus naċ ḃfuil a ḋaṫ de ṗolasaí acu i leiṫ na Gaeilge. Aċ "leanfaiḋ muid cibé rud is maiṫ liḃ nó cibé rud is mó a ṫarraingeoiḋ ḃótaí dúinn." Ar scor ar biṫ, níor ṫáinigṫas amaċ ċom soiléir sin leis roiṁe.

Rud a ċuir íontas ar ṁórán an dóiġ ar labair an Seanadóir Mac Loingsiġ, i gcoinniḃ na Gaeltaċta.

Labair roinnt ṁaiṫ Teaċtaí i nGaeilge ar fad, agus ṫosnaiġ cuid ṁaiṫ de na Seanadóirí as Gaeilge, agus lean ar feaḋ tamaill.

Dónall Ó Conallain

Molaim: Go dtugann Seanad Éireann an Páipéar Bán um Aṫḃeoċán na Gaeilge dá n-aire.

Tá an tairiscint seo ar Ṗáipéar an tSeanaid le fada aċ, ḃíoḋ is go raiḃ orm fanúint, tá mé buíoċ den Seanad as uċt am a ṫaḃair dúinn anoċt í a ṗlé. Gaḃaim buíoċas, freisin, leis an Aire Airgeadais faoi ṫeaċt anso, agus é ċom gnóṫaċt agus atá sé, ċun a ḃeiṫ páirteaċ sa díospóireaċt.

Caoi

Tuigeann gaċ éinne ón ḃfoclaíoċt atá ar an dtairiscint seo naċ ag iarraiḋ aon rud a áiṫeamh ar an Rialtas ná ar Aire Stáit atá mé aċ díreaċ le caoi a ṫaḃairt don Seanad tuairimí a noċtaḋ faoi ċeist seo Aṫḃeoċán na Gaeilge atá ag déanamh imní dúinn go léir le fada an lá. Is ceist í atá beo beaṫaiṫeaċ inár measc le breis is trí scór blian agus is léir ón aiġneas agus ón gconspóid ag roinnt leis agus ón méid atá ráite agus scríofa ina ṫaoḃ le blianta beaga anuas gur ceist ḃeo fós é agus naċ ḃfuil aon laġdú tagṫa ar speis an ṗobail i gcoitinne ann.

Tá cúis ar leiṫ go gcuirfí tairiscint mar seo ar ċlár an tSeanaid san am a cuireaḋ, sé sin, i dtosaċ na bliana seo. Ḃí céim nua ar fad tar éis a ṫaḃairt in iarraċt na hAṫḃeoċána trí eisiúint an Ṗáipéir Ḃáin. Ċuir an Páipéar Bán crot nua ar fad ar iarraċt na hAṫḃeoċana naċ raiḃ riamh air ċeana. Ḃí glacṫa ag an Rialtas mar ċúram air féin cuid ṁór de ṁoltaí an Ċoimisiúin a ċur i ḃfeiḋm. Ḃí siad taréis cuspóir na hAṫḃeoċana a ġlacaḋ ċucu mar ṗolasaí náisiúnta, ar aon céim, d'ḟéadfaí a rá, lena bpolasaí faoi ḟorbairt talmhaíoċta nó tionsclaíoċta. I ḃfianaise na dtoscaí nua seo b'ḟiú liom an tairiscint seo a ṫaḃairt os ḃur gcomhair le go ḃféadfaḋ Seanadóirí breiṫ a ṫaḃairt ar ḃeartas nua seo an Rialtais agus le treoir agus comhairle a ṫaḃairt dóiḃ i ḃfeiḋmiú an ḃeartais sin. Is é is trua liom naċ raiḃ an deis seo againn sé ṁí ó ṡin nuair a ḃí an scéal úr-nua aċ sin rud naċ raiḃ neart agamsa air.

Léargas Ceart

Más linn léargas ceart d'ḟáil ar ṫábhaċt an Ṗáipéir Ḃáin, ní mór dúinn dul siar píosa ar nuastair na Gaeilge agus a ṁeabhrú dúinn féin an spleodar agus an díograis ċun na teanga a coṫaíoḋ imeasc muintir na hÉireann i mblianta tosaiġ an ċéid seo trí imeaċtaí Ċonraḋ na Gaeilge. Níor ṁiste dúinn a ṁeabhrú gur as an spleodar agus an díograis sin, don ċuid is mó, a d'ḟás an réabhlóid ṗolaiticiúil ⁊ íobairt 1916; gur ṁair an spleodar céanna i gcroíṫe na ndaoine le linn cogaḋ na saoirse, rud is furasta a léiriú ón spiorad fíor-Ġaelaċ mar ionsaiġ an Ċéad Dáil a cuid gnóṫa. Is mairg go deo naċ é an spiorad céanna atá i nDáil an lae inniu, aċ b'ḟéidir naċ ḃfuil an lá cillte fós.

Teaċt na Saoirse

Le teaċt na saoirse, pé saoirse a ṫáinig, laġdaiġ ar an iarraċt deonaċ. Níor ġá aon iarraċt feasta, dar le daoine. Ḃí an saol curṫa agus ṫiocfaḋ an barr i mbláṫ leis an aimsir dá acmhainn féin. Aċ ba é an cogaḋ caṫarṫa a ḃuail an buille marfaċ ar fad. Ní hamháin gur ṁuscail sé easaontas imeasc Gaeilgeoirí ḟéin aċ ḃain sé súile agus croí agus intinn an ṗobail Ġaelaiġ den leaṫ ba ṫábhaċtaí den aiḋm náisiúnta mar cé déarfaḋ gurḃ ḟearr Éire saor gan a ḃeiṫ Gaelaċ ná í Gaelaċ gan a ḃeiṫ saor.

Ar ndóiġ níor ligeaḋ ceist na Gaeilge i ndearmad amaċ is amaċ. Ar an leiḃéal oifigiúil rinneaḋ na foráilaċa cuí do réir an Ḃunreaċta ċun a ċinntiú go mbeaḋ an teanga á múineaḋ go forleaṫan sna scoileanna agus go mbeaḋ cumas éigin Gaeilge ag stáṫṡeirḃísiġ. Aċ tá faitíos orm naċ raiḃ croí an ṗobail san iarraċt agus ní dearnaḋ aon ṁór-iarraċt ar ċroí an ṗobail a ḃogaḋ ċuun na Gaeilge. Ḃí obair na scoileanna á diomailt trí pataire agus neaṁ-ṡuim an ṗobail. Ba léir go raiḃ taoide na Gaeilge ag trá ainneoin díċeall na n-eagraíoċtaí deonaċa agus na ndaoine nár ċaill an creideamh ariamh. Sin mar a ḃí an scéal nuair a bunaíoḋ an Coimisiún um Aṫḃeoċan na Gaeilge sa ḃliain 1958 ċun taiġde a ḋéanamh ar staid na Gaeilge agus moltaí a ċur faoi ḃráid an Rialtais faoin gcaoi ab éifeaċtaí ċun cuspóir na hAṫḃeoċana a ṫaḃairt i gcríoċ.

Is fiú dúinn ag an bpointe seo féaċaint ar na téarmaí tagarṫa a tugaḋ don Ċoimisiún, mar atá:

Ag féaċaint don ċéim atá sroiċte faoi láṫair leis an iarraċt ċun an Ġaeilge a aṫḃeoċan breiṫniú a ḋéanamh agus comhairle a ṫaḃairt faoi na bearta ba ċeart don ṗobal agus don Stáṫ a ḋéanamh anois d'ḟonn go raċfar ar aġaiḋ níos tapúla ċun na cuspóra sin.

Ní Cuspóir aċ Moda

Tugtar faoi deara naċ é a ċuireaḋ ar a gcúram féaċaint arḃ ḟiú nó arḃ ḟéidir cuspóir na hat-ḃeoċana a ḃaint amaċ aċ comhairle a ṫaḃairt faoi na bearta ba ċeart don ṗobal agus don Stáṫ a ḋéanamh anois ċun an ċuspóir a ċur i gcríoċ ċom tapaiḋ agus ab féidir. Mar sin in aon ṗlé a ḃéas againn ar an bPáipéar Bán, ina ḃfuil breiṫiúnas an Rialtais ar ṁoltaí an Ċoimisiúin, níor ċeart go mbeaḋ cead aon ċeist a ṫógáil faoi ċeart nó faoi éigeart prionsabal agus polasaí na hatḃeoċana. Ní le ceart nó éigeart na hatḃeoċana a ḃaineann Tuarascáil an Ċoimisiúin ná an Páipéar Bán aċ le na bealaí agus na bearta trína ndéanfar an polasaí sin a ċur i gcríoċ go héifeaċtúil.

(Ar lean.)